Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**7708/21**

**SOC 199**
**EMPL 143**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, don Iodáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchinneadh ón gComhairle, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, don Iodáil.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla Aviana Maria Teresa BULGARELLI éirithe as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hIodáile don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 IO C 30, 31.1.2019, lch. 74.
2 IO C 135, 11.4.2019, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Romolo De CAMILLIS ina chomhalta ar Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú in ionad Aviana Maria Teresa BULGARELLI, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán